

RÁITEAS BLIANTÚIL ASCHUIR LNT0 2014



National Centre *for* Guidance in Education
Lárionad Náisiúnta *um* Threoir san Oideachas

Brollach ón gCathaoirleach.....	5
Nóta an Stiúrhóra.....	7
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas.....	8
1. Coiste um Bhainistiú Treorach.....	10
Fochoiste Airgeadais.....	10
Gníomhaíochtaí Bainistíochta agus Eagraíochta.....	10
2. Gníomhaíochtaí Iarbhunscoile.....	12
Acmhainní agus ábhair a sholáthar d'Iarbhunscoileanna.....	12
Staitisticí ar úsáid.....	12
Íoslódálacha.....	12
Coistí agus Grúpaí Oibre.....	12
Coiste Comhairleach ar Thástáil Shíciméadrach.....	13
Grúpa Oibre um Threoir Iarbhunscoile.....	14
Comhoibriú le JCT agus IGC maidir le treoir i gCreat an Teastais Shóisearaigh.....	14
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthar d'Iarbhunscoileanna.....	14
Ceardlanna FGL do threoirchomhairleoirí i scoileanna: tástáil shíciméadrach.....	15
3. Gníomhaíochtaí san Earnáil Aosoideachais / Breisoideachais agus Oiliúna.....	16
Comhordú AEGI.....	16
Gníomhaíochtaí eile AEGI.....	17
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.....	17
Lámhleabhar Gréasán-Bhunaithe AEGI.....	18
4. Gníomhaíochtaí san Earnáil Bunoideachais agus Oideachais Neamhfhoirmiúil.....	19
5. Gníomhaíochtaí Ardoideachais.....	20
Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC).....	20
Painéal Athbhreithnithe na Comhairle Múinteoireachta.....	21
6. Gníomhaíochtaí in Earnáil Treorach na hEorpa.....	22
EUROGUIDANCE.....	22
Grúpa Tagartha na hÉireann do Thionscnaimh AE in Oideachas agus Scileanna.....	22
Ploteus.....	23
Scoileanna Eorpacha.....	23

ACADEMIA.....	23
Comhdhálacha AE	24
Líonra Eorpach um Bheartas Treorach ar Feadh an tSaoil (ELGPN).....	24
Cruinnithe maidir le ELGPN	24
Fóram Náisiúnta um Threoir.....	25
7. GINEARÁLTA.....	26
Foilseacháin, Acmhainní agus Ábhair	26
Soláthar Faisnéise agus Comhdhálacha	27
Forbairtí TFC in LNT0	27
Gníomhaíochtaí Ginearálta	27
Straitéis ROS maidir le foghlaim dhigiteach do scoileanna.....	27
8. Tuarascáil Airgeadais.....	28
Maoiniú LNT0	28
Cuntais Achoimre LNT0 2014.....	28
Cuntais Achoimre LNT0 mar a luaitear i gcuntais iniúchta Léargas 2014.....	29
FOIREANN LNT0 IN 2014	29
Coiste um Bhainistiú Treorach Iúil 2013 – 2016.....	29
Gluais.....	31
AGUISÍN A	33

Brollach ón gCathaoirleach

Mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Bhainistiú Treorach LNTO, cuirimse fáilte roimh Thuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir 2014 an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas. Cuirfear an tuarascáil seo i láthair ar shuíomh gréasáin an Lárionaid freisin agus beidh sí ar fáil de réir mar a fhoilsítear í.



Ag leibhéal náisiúnta tá LNTO, mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) agus ag feidhmiú faoi scáth Léargas, tiomanta d’fhís “Cleachtas na treorach a mhaoirsiú agus a mhúnlú chun cur ar chumas an fhoghlaimeora roghanna saoil a dhéanamh atá oilte agus iomchuí.” Agus taifead á thabhairt aige ar ghníomhaíochtaí agus ócáidí cláir, léiríonn an Tuarascáil Ráiteas Aschuir 2014 seo an chaoi ina gcuirtear an fhís sin i gcleachtadh. Léiríonn leithead agus scóip na Tuarascála seo, thar earnálacha éagsúla ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, an suíomh lárnach atá ag an treoir i gcuidiú le daoine “a gcumas iomlán a shroicheadh agus cur le forbairt na sochaí níos fearr” (Fóram Náisiúnta um Threoir, 2007).

Cé gur cosúil go bhfuil ár dtír ag teacht amach as géarchéim eacnamaíochta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, tá neart dúshlán romhainn fós mar náisiún. Mar is léir sa Tuairisc seo, fanann LNTO tiomanta do réimse de ghníomhaíochtaí agus cláir a sholáthar atá ag teacht le polasaí soiléir agus iomlánaíoch de sholáthar treorach ar feadh an tsaoil. Cé go bhfuil ár ngeilleagar ag tosú ag fás, mar ghníomhaireacht náisiúnta leanaimid ag feidhmiú le hacmhainní laghdaithe. D’ainneoin seo, chuir tiomantas agus obair dhian na foirne LNTO ar ár gcumas ár n-aidhmeanna a shroicheadh agus a chur chun cinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann uile as a dtiomantas, comhoibriú agus solúbthacht chun spriocanna a bhaint amach agus glacadh le hathrú. Ar son an choiste ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do thacaíocht Jennifer McKenzie, Uas., Stiúrthóir LNTO, as tacú le hobair an choiste as a dúthracht agus as a seiftiúlacht chun gnéithe éagsúla na Tuarascála seo a thabhairt chun críche.

Maidir le heagraíocht ar bith, má táthar le fíis a chur i bhfeidhm ní mór comhoibriú a fháil ó na páirtithe leasmhara uile. Is mian liom aitheantas a thabhairt do chion mo chomhghleacaithe atá mar ionadaithe ag réimse leathan d’eagraíochtaí, a bhfuil suim acu sa treoir, ar an gCoiste um Bhainistiú Treorach. Saibhrítear ról an choiste chun tacú le hobair LNTO mar thoradh ar leibhéal an tsaineolais ghairmiúil atá acu. Táimid fíorbhuíoch as an gcúnamh agus ceannaireacht a thug Jim Mullin, Uas. Príomhfheidhmeannach Léargas, agus Bord Léargas, i rith na bliana agus as an gcúnamh a thug na hoifigigh éagsúla sa Roinn Oideachais agus Scileanna chun an obair a rinne LNTO i rith 2014 a chur chun cinn.

As méid na gníomhaíochtaí a luaitear sa ráiteas ba mhaith liom aird a dhíriú ar luach dothomhaiste LNT0 sa leanúint de chruinnithe an Fhórait Náisiúnta um Threoir (NFG) a chomhordú agus a óstáil, agus tionóladh dhá cheann díobh le linn na bliana 2014, an 30 Aibreán agus an 13 Samhain. I gcroílár phróiseas treorach ar bith tá an éascú d'idirphlé bríoch as a dtagann deiseanna d'fhiosrú agus d'athrú. Maidir leis seo leanann an NFG d'fhóram a sholáthar d'idirphlé, malartú faisnéise agus deiseanna a scrúdú do chomhoibriú agus comhordú. Tugann an Fóram agus na gníomhaíochtaí eile ón Tuarascáil seo fianaise faoin gcaoi inar féidir comhtháthú straitéisí um threoir ar feadh an tsaoil a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

Mar ghníomhaireacht rialtais le freagracht as treoir, tá LNT0 ag tnúth le ról gníomhach a bheith aige san am atá romhainn ag obair le ranna rialtais eile chun comhairle, tacaíocht agus cuidiú a chur ar fáil i bhfeidhmiú straitéise náisiúnta treorach don todhchaí.



Paul King

Cathaoirleach

Coiste um Bhainistiú Treorach LNT0

Nóta an Stiúrthóra




Tugann an Tuarascáil Bhliantúil Ráiteas Aschuir cur síos ar obair agus gníomhaíochtaí LNTO don tréimhse Eanáir 2014 - Nollaig 2014. Le linn an ama seo, chuir LNTO fáilte roimh fhoilsiú na Straitéise ROS um Bhreisoideachas agus Oiliúint 2014-2019 a thug, den chéad uair ón bPáipéar Bán ar Aosoideachas, in 2000, cur chuige dírithe maidir le seirbhís treorach a fhorbairt d'earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna ar an iomlán. Le cabhair ó mhaoiniú ón gCoimisiún Eorpach a cuireadh ar fáil sna hionaid Euroguidance ar fud an Aontais Eorpaigh fuair LNTO an deis le forbairt níos mó a dhéanamh ar an gcóras TFC-bhunaithe do sholáthar faisnéise faoi dheiseanna oideachais chuig suíomh gréasáin PLOTEUS an Aontais Eorpaigh.

Chuir LNTO tús leis an bpróiseas in 2014 le féachaint níos faide ar aghaidh ar ár bpleanáil straitéiseach féin do 2015-2017. Agus méadú i gcónaí ar an éileamh ar pholasaí agus soláthar na treorach ar feadh an tsaoil laistigh d'earnáil an oideachais agus an bhreisoideachais agus na hoiliúna, lean foireann LNTO, cibé bunfhoireann nó foireann seirbhísí seachtracha ar conradh, de sheirbhís ghairmiúil a sholáthar do pháirtithe leasmhara agus cliant an Lárionaid. Mar Stiúrthóir, is mór an pléisiúr dom obair le gairmeoirí atá chomh tiomanta agus chomh díograiseach.

Mar thoradh ar oifigí a roinnt le Léargas leanadh den deis le cumarsáid agus comhoibriú níos fearr idir chlár LNTO agus Léargas agus le seirbhísí agus córais chomhroinnte chuí airgeadais, TFC, acmhainní daonna agus eile a bhunú. Bhí tacaíocht Bhord Léargas riachtanach don aitheantas ar nádúr agus oibriú neamhspleách LNTO mar Lárionad ann féin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go sonrach do thacaíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ina leith seo.

Mar chríoch, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas daingean an Chathaoirligh, Paul King agus tacaíocht an Choiste um Bhainistiú Treorach d'obair LNTO agus na foirne. Mar ghníomhaireacht den Roinn Oideachais agus Scileanna, fáiltímid roimh chomhoibriú agus tacaíocht leanúnach ár gcomhghleacaithe ROS d'obair an Lárionaid

Is mise le meas,



Jennifer McKenzie

Stiúrthóir

An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

Gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna is ea an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, atá ag feidhmiú faoi scáth Léargas, le freagracht as tacaíocht agus forbairt ar chleachtadh na treorach i réimsí uile an oideachais agus bonn a chur le polasaí na Roinne i réimse na treorach.

D'aontaigh an Coiste um Bhainistiú Treorach 2010-2013 gurb iad seo a leanas Misean agus Fís LNTO:

Misean: *Forbairt agus tacaíocht do sholáthar treorach den scoth in earnáil an oideachais mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaol ag teacht leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta*

Fís: *Cleachtadh na treorach a mhaoirsiú agus a mhúnlú chun cur ar chumas an fhoghlaiméora roghanna saoil oilte agus iomchuí a dhéanamh*

Agus sainmhíniú á thabhairt ar an treoir in earnáil an oideachais, bíonn LNTO á threorú ag Tuarascáil an Fhórait Náisiúnta um Threoir 2007 agus Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna 2005 a deir:

‘Cuidíonn treoir le daoine, ar feadh a saol, a gcuid roghanna oideachais, oiliúna, gairme, pearsanta, sóisialta agus saoil a bhainistiú sa chaoi is go mbaineann siad a gcumas féin amach agus go gcuireann siad le forbairt na sochaí níos fearr’

Fóram Náisiúnta um Threoir 2007

‘Baineann treoir sna scoileanna le sraith d’imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socrúithe éifeachtacha faoina saol. Cuimsíonn sé trí réimse atá nasctha lena chéile; forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus treoir ghairme’

Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Alt 9 (c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain mac léinn ar sholáthar treorach cuí.

Tugtar cur síos anseo thíos ar na haidhmeanna straitéiseacha atá mar bhunús le hobair an Lárionaid (2012-2014).

Is iad aidhmeanna LNTO:

- cur le feidhmiú an dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna oideachais faoi réir riachtanas an Achta Oideachais 1998
- cur le feidhmiú an dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon faoi réir tosaíochtaí náisiúnta

- comhairle a thabhairt faoi pholasaí agus straitéisí chun contanam na treorach a chothú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil
- comhairle, tacaíocht, ábhair agus acmhainní a sholáthar don treoirchomhairleoireacht san oideachas
- comhairle a thabhairt faoi oideachas agus oiliúint tosaigh sa treoirchomhairleoireacht atá ar ardchaighdeán agus ábhartha, agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthar do chleachtóirí treorach
- soláthar na treorach a eagrú do náisiúnaigh na hÉireann sna Scoileanna Eorpacha
- cur le malartú an eolais ar sholáthar agus ar chleachtadh na treoirchomhairleoireachta le seirbhísí treorach agus fostaíochta eile, tríd an Lárionad Náisiúnta Acmhainne, (Lárionad EUROGUIDANCE) in Éirinn agus i mBallstáit eile an AE freisin.

Agus a chuid aidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tá LNTO, mar chomhchuid de Léargas, tiomanta d'obair i gcomhair agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, Stiúrthóirí Stáidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC), Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC), Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI), an tUdarás Ard-Oideachais (ÚAO), FÁS (SOLAS), Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD), An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Fostóirí mar is cuí.

Cuireann LNTO tacaíocht agus forbairt ar fáil do chleachtóirí treorach in earnáil an oideachais agus cothaíonn sé soghluaisteacht Eorpach agus gné Eorpach na treorach san oideachas agus oiliúint. Is é LNTO an t-ionadaí atá ainmnithe ag ROS ag an Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil (ELGPN).

Mar bhall den Líonra EUROGUIDANCE, arna mhaoiniú ag an Clár an AE um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, cuidíonn an Lárionad freisin le daoine atá ag lorg eolais ar dheiseanna oideachais agus oiliúna san Eoraip. Tugann LNTO comhairle agus cúnaimh do réimse leathan d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair atá páirteach san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht maidir le cúrsaí treorach.

1. Coiste um Bhainistiú Treorach

Coiste um Bhainistiú Treorach LNTO (2013-2016)

D'ainmnigh an tAire Oideachais agus Scileanna Cathaoirleach agus baill an Choiste um Bhainistiú Treorach 2013-2016. Rinne Bord Léargas na baill seo a fhaomhadh agus a cheapadh don Choiste.

Tá téarmaí tagartha agus ról an Choiste um Bhainistiú Treorach ar fáil le híoslódáil ag:

http://www.ncge.ie/uploads/ToR_MGC_Final_Oct2013.pdf

Fochoiste Airgeadais

Buaileann an Fochoiste Airgeadais um Bhainistiú Treorach uair sa ráithe. Ullmhaíonn Léargas cuntais bhainistíochta don bhfochoiste, agus cuirtear tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Bhainistiú Treorach. Ar bhail an fhochoiste Airgeadais tá Stiúrthóir LNTO, Cathaoirleach an Choiste um Bhainistiú Treorach, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ionadaí ó Choiste Airgeadais agus Iniúchta Léargas agus ionadaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Gníomhaíochtaí Bainistíochta agus Eagraíochta

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Bhainistiú Treorach (2013-2016) le linn 2014.

Roinn LNTO cóiríocht oifige le Léargas i gCúirt Mhic Liam, Clós Líosain, Baile Átha Cliath 2, agus mar thoradh air sin bhí comhoibriú leanúnach le Léargas chun córais chuí a fhorbairt agus a roinnt do riarachán gnó, acmhainní daonna agus TFC.

Sa bhliain 2014 leanadh den chóras um Athbhreithniú ar Bhainistiú Feidhmíochta na foirne, agus chuir an comhlacht seachtrach acmhainní daonna Company Peninsula tacaíocht bhreise acmhainní daonna ar fáil ar conradh.

Sa bhliain 2014, bhí seisear foirne lánaimseartha ag LNTO lena n-áirítear: Stiúrthóir, Comhordaitheoir an Chláir Treorach (Iarbhunscóil), Oifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance, Oifigeach Treorach (AEGI - Tionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach), Oifigeach Eolais agus Riarthóir Oifige.

Bhí ball foirne amháin (Oifigeach Eolais) ar Shos Gairme don bhliain 2014, agus dá bhrí sin bhí ar LNTO seirbhísí a cheannach ar conradh ó sholáthraí Seirbhísí Faisnéise cuí chun Nuacht LNTO a chur in eagar agus a fhoilsiú agus chun suíomh gréasáin LNTO agus Euroguidance a chothabháil, a chur in eagar agus tacú leo. Thug LNTO conarthaí d'fhoireann agus gníomhaireachtaí seachtracha le seirbhísí sonracha a sholáthar i réimsí amhail modúil FGL ar líne a fhorbairt agus a riar.

Ón 1 Eanáir 2014, mar thoradh ar athrú i soláthar an mhaoinithe ó ROS do LNTO in 2013, fuair LNTO maoiniú don chlár AEGI ón tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna, i.e. SOLAS.

Ráiteas Bliantúil Aschuir LNTO 2014

Le linn 2014 chuir an Coiste um Bhainistiú Treorach tús leis an bpróiseas le Plean Straitéiseach LNTO 2015-2017 a fhorbairt. Ceapadh an chomhairleoireacht sheachtrach Prospectus le treoir agus tacaíocht a thabhairt don Choiste san obair seo. Chun bonn a chur leis an bpróiseas pleanála, rinne Prospectus comhairliúchán leis an gCoiste um Bhainistiú Treorach, trí shuirbhé ar líne le páirtithe leasmhara agus grúpa fócais leis an bhfoireann agus le rannpháirtithe ag an bhFóram Náisiúnta um Threoir. Thug Prospectus tuarascáil i mí na Samhna 2014 don Choiste um Bhainistiú Treorach mar bhonn leis an bPlean Straitéiseach do 2015-2017.

Tá an próiseas pleanála seo bunaithe freisin ar thuarascáil Chlár Riosca Iniúchta Inmheánaigh a chur i gcrích. Rinne Crowleys DFK an t-iniúchadh ag deireadh na bliana 2014 agus tá an tuairisc le cur faoi bhráid LNTO agus Bord Léargas in 2015.

2. Gníomhaíochtaí Iarbhunscoile

Acmhainní agus ábhair a sholáthar d'Iarbhunscoileanna

Tá an Lámhleabhar Scoil um Threoir (ISSN 2009-6801), lámhleabhar ar líne do threoirchomhairleoirí, a sheol LNTO i Meán Fómhair na bliana 2013, ar fáil do threoirchomhairleoirí agus scoileanna uile ag www.schoolguidancehandbook.ncge.ie.

Soláthraíonn an Lámhleabhar Scoile um Threoir acmhainní ar líne mar threoir agus mar thaca d'fhorbairt agus do sheachadadh an chlár um threoir scoile. Is féidir le scoileanna clárú leis an lámhleabhar chun teachtaireachtaí a fháil maidir le hábhar. Bhuail Painéal Eagarthóireachta LNTO, a bunaíodh sa bhliain 2013, ar a bhfuil ionadaithe ó Chigireacht ROS agus na Stúirthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht, le chéile 5 uaire in 2014, uair amháin trí áis físchomhdhála ar líne LNTO, chun athbheithniú a dhéanamh ar an ábhar a cuireadh isteach, chun moltaí a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an ábhair, agus chun athruithe eagarthóireachta a mholadh mar ba chúil roimh an fhoilsithe.

Lean LNTO de shierbhísí a fháil ar conradh ón gComhordaitheoir, Treoirchomhairleoir Iarbhunscoile ar scor agus iar-oiliúnaí ar an gclár um Phleanáil Treorach Scoile Uile. Sa bhliain 2014, chuaigh LNTO i dteagmháil leis na hiarbhunscoileanna uile chun seoltaí comhfhreagrais r-phoist nuashonraithe a dhearbhu do scoileanna agus treoirchomhairleoirí, le clárú ar an Lámhleabhar. Dá bhrí sin, bheifí cinnte go bhfaigheadh na scoileanna uile na fógraí nuashonraithe don Lámhleabhar.

Cuireann LNTO na hait laistigh den rannóg a bhaineann le Treoirlínte Polasaí agus Cleachtais ar fáil as Gaeilge freisin toisc go n-áiríonn an rannóg sin faisnéis, treoirlínte agus teimpléid mar bhonn le polasaí um threoir scoile.

Staitisticí ar úsáid

Bhí breis agus 3,000 cuairt ar an iomlán ar an Lámhleabhar Scoile um Threoir sa bhliain 2014. Cuairteoirí nua ab ea thart ar dhá thrian díobh sin, agus cuairteoirí ag filleadh athuair ab ea trian díobh. Ar an iomlán, d'amharc na cuairteoirí ar bheagnach 20,000 alt sa Lámhleabhar Scoile um Threoir, meán de 6-7 alt in aghaidh na cuairte.

Íoslódálacha

Is féidir le cuairteoirí ar shuíomh an Lámhleabhair Scoile um Threoir na hait éagsúla a íoslódáil le léamh sa todhchaí agus le húsáid ar scoil. Ní go dtí Lúnasa 2014 a bhí an áis ann chun anailís a dhéanamh ar líon na n-íoslódálacha, mar sin bheadh an líon iomlán seo níos airde. Ó Lúnasa – Nollaig 2014, áfach, íoslódálach 823 alt. Díobh sin, bhí dhá cheann as Gaeilge.

Coistí agus Grúpaí Oibre

Tionólaíonn agus glacann LNTO páirt i gcoistí agus grúpaí oibre ar son ROS. Seo a leanas cur síos ar ghníomhaíochtaí coiste agus grúpa oibre LNTO don bhliain 2014.

Coiste Comhairleach um Fheidhmiú Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna

Tugadh cuireadh do LNTO páirt a ghlacadh sa Choiste Comhairleach um Fheidmiú Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna (SIAC) mar chomhpháirtí feidhmithe na straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019. Tionóladh an chéad chruinniú díobh sin i nDeireadh Fómhair 2014 agus dearbhaíodh suíomh LNTO i bhfeidhmiú na straitéise Breisoideachais agus Oiliúna faoi mar a bhaineann le treoir sa Bhreisoideachas agus Oiliúint.

Coiste Comhairleach ar Thástáil Shíciméadrach

Tionólaíonn LNTO cruinniú an Choiste Comhairligh ar Tástáil Shíciméadrach uair sa bhliain ar son ROS. Is í Stiúrthóir LNTO atá ina cathaoirleach ar an gcoiste seo, a thionóltar i LNTO i mí Bealtaine gach bliain. I mbliana tionóladh an cruinniú seo an 26 Bealtaine 2014. Ar an gCoiste tá ionadaithe ó ROS, LNTO, SNSO, IGC, Cumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann (ILSA), Cumann Síceolaíoch na hÉireann (PSI) agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann (CIC).

Is é sainordú an Choiste ná athbhreithniú a dhéanamh in aghaidh na bliana ar liosta na Roinne Oideachais agus Scileanna d'uirlisí measúnaithe foirmiúla (lena n-áirítear trialacha) atá ceadaithe le húsáid sa treoir agus/nó sa tacaíocht foghlama in iar-bhunscoileanna don bhliain acadúil ag teacht.

D'fhaomhaigh an Coiste liosta ceadaithe ROS de thrialacha do 2014/15. Cé nár cuireadh é seo ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS in 2014, d'fhan liosta 2013-2014 ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS le nasc díreach freisin ó shuíomh gréasáin LNTO:

http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/list_approved_tests.pdf

I ndiaidh chruinniú an Choiste Comhairligh i mBealtaine 2014, lean LNTO de theoir agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí na Roinne maidir le hábhar agus saincheisteanna a bhaineann le húsáid na tástála síciméadraí i scoileanna le cur san áireamh in imlitir maidir le tástáil.

Grúpa Oibre ROS um aitheantas ar threoirchomhairleoirí in iar-bhunscoileanna agus ionaid eile laistigh de shainordú ROS

Sa bhliain 2014 bhí trí chruinniú ag an ngrúpa oibre seo, a bhunaigh ROS i 2012. Ar na baill tá ionadaithe ó Aonad Polasaí Curaclaim agus Measúnaithe ROS (CAP), Rannóg Breisoideachais agus Scileanna, Cigireacht ROS, SNSO agus LNTO. Is é seo a leanas sainordú an ghrúpa mar atá aontaithe: plé le ceisteanna ar nós na gcrítear d'aitheantas ar threoirchomhairleoirí le hobair in institiúid atá faoi shainordú ROS; prótacail a bhunú trínar féidir cúrsaí a bhfuil aitheantas mar threoirchomhairleoir mar thoradh orthu a bheith ceadaithe ag an Roinn; prótacail a bhunú trínar féidir athruithe ar chúrsaí a bhfuil aitheantas mar threoirchomhairleoir mar thoradh orthu a bheith ceadaithe ag ROS.

Ar son an Ghrúpa Oibre, lorg LNTO aighneacht ó Stiúrthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta (DSGC) mar threoir ar athbhreithniú agus forbairt ar gCreat Aitheantais Cúrsa 2006 (CRF). Rinne na Stiúrthóirí an aighneacht seo le ROS in Iúil na bliana 2014.

Ag féachaint leis an CRF leasaithe a sholáthar do chomhairliúchán poiblí in 2015, rinne LNTO caidreamh le baill an ghrúpa oibre agus QQI chun dréacht den CRF a sholáthar le critéir agus treoirlínte a áireamh do Sholáthraithe cláir oiliúna tosaigh sa threoirchomhairleoireacht.

Grúpa Oibre um Threoir Iarbhunskoile

I ndiaidh fhoilsiú *‘Athbhreithniú ar Sholáthar na Treoirchomhairleoireachta i Scoileanna Dara Leibhéal, 2012-2013: Tuarascáil faoi na tátail’* de chuid LNTO, d’iarr an Coiste um Bhainistiú Treorach ar LNTO an Grúpa Oibre um Threoir Iarbhunskoile a thionól agus d’aontaigh na Téarmaí Tagartha don ghrúpa.

Ar bhail an Ghrúpa Oibre, a bhfuil Stiúrthóir LNTO mar Chathaoirleach air, tá ionadaithe ó Chigireacht ROS, DSGC, IGC, NCCA, LNTO agus NEPS. Bhí ceithre chruinniú ag an ngrúpa seo le linn 2014, agus d’aontaigh siad tús áite a thabhairt do na nithe seo a leanas:

- torthaí foghlama um threoir a dhréachtadh do bhlianta 1-6 in iarbhunskoileanna
- príomhshonraí cáilíochta agus cainníochta a ainmniú, móide bailiú fianaise agus sonraí treorach i scoileanna.

Comhoibriú le JCT agus IGC maidir le treoir i gCreat an Teastais Shóisearaigh

Mar thoradh ar mholadh ó LNTO, i Márta na bliana 2014 thug ROS (rannóg CAP) cuireadh do LNTO, IGC agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) plé a dhéanamh maidir leis an treoir laistigh de Chreat nua na Sraithe Sóisearaí agus soláthar FGL cuí do threoirchomhairleoirí i scoileanna i dtaca leis an gCreat.

Thionól LNTO roinnt cruinnithe le IGC agus JCT sa bhliain 2014 maidir le dearadh agus forbairt ar chlár FGL do threoirchomhairleoirí. Ag obair le chéile, d’aontaigh an fhoireann LNTO/JCT/IGC:

- deiseanna a fhiosrú amhail Gearrchúrsaí agus Eispéiris Fhoghlama Eile do sholáthar na treorach i gCreat na Sraithe Sóisearaí.
- go gcuirfí clár FGL do threoirchomhairleoirí ar fáil i gcomhar le JCT, agus ábahr an chlár sin le comhaontú ag LNTO/IGC agus JCT.
- go ndéanfaí tagairt do sholáthar treorach na Sraithe Sóisearaí i scoileanna laistigh do na ceardlanna Sraithe Sóisearaí do Phríomhoidí.

Cuireadh moill ar chur i bhfeidhm FGL do threoirchomhairleoirí, a bhí beartaithe ar dtús do Dheireadh Fómhair 2014, mar gheall ar chainteanna náisiúnta ROS agus ceardchumainn, ach lean an fhoireann ag bualadh lena chéile chun comhoibriú ar fhorbairt an dréachtchlár agus ábhair srl.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthar d’Iarbhunskoileanna

Suirbhé ar riachtanais na dtreoirchomhairleoirí i scoileanna maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

D'fhorbair agus chuir LNTO i bhfeidhm suirbhé ar riachtanais FGL na dtreoirchomhairleoirí ag obair i scoileanna, trí Survey Monkey i bhFeabhra na bliana 2014. D'áirigh an suirbhé seo tagairt freisin do riachtanais FGL maidir le treoir Eorpach agus soghluaiseachta. D'fhoilsigh LNTO tuairisc a léiríonn torthaí an tsuirbhé in Aibreán, 2014 [LNTO Report of the Findings of CPD Survey.pdf](#)

Ceardlanna FGL do threoirchomhairleoirí i scoileanna: tástáil shíciméadrach

Mar fhreagraí ar thorthaí an tsuirbhé FGL dhear LNTO clár FGL ina raibh obair ullmhúcháin ar líne agus trí cheardlann duine le duine do theoirghairmeoirí. Rinneadh é seo a chomhordú agus a sholáthar i gcomhar le Cumann Síceolaíochta na hÉireann (PSI) i dtrí ionad go náisiúnta - Ionad Oideachais Mhainistir Fhear Maí, Ionad Oideachais Shligigh agus i mBaile Átha Cliath (a eagraíodh in oifigí PSI).

Líon na ndaoine i láthair: d'fhreastal 48 treoirchomhairleoir ar na 4 ceardlann san iomlán, i.e. 35 in 2014 agus d'fhreastal 13 ar cheardlann amháin a eagraíodh in Eanáir 2015 toisc gur cuireadh siar í ó 2014.

Bhí an t-aiseolas ó threoirchomhairleoirí a ghlac páirt sna ceardlanna an-dearfach agus mar thoradh air sin déanfaidh LNTO machnamh ar sholáthar leanúnach FGL sa tástáil Shíciméadrach in 2015.

Mar fhreagra ar an toradh sa rannóg suirbhé FGL maidir le Treoir in AE, rinne an Comhordaitheoir Euroguidance caidreamh le comhghleacaithe Euroguidance sa tSualainn chun tús a chur leis an bpróiseas le módúil um threoir soghluaiseachta a aistriú agus a oiriúnú do chomhthéacs na hÉireann. Thosaigh an próiseas in 2014 chun é seo a fhorbairt mar mhódúil FGL ar líne le soláthar in 2015.

3. Gníomhaíochtaí san Earnáil Aosoideachais / Breisoideachais agus Oiliúna

Comhordú AEGI

Déanann LNTO comhordú ar an Tionscnamh Treorach um Oideachas Aosach (AEGI) ar son ROS. An 1 Iúil 2013, tháinig na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) san ionad ar na Coistí Gairmoideachais.

Tá 39 Seirbhís AEGI ann go náisiúnta a bhíodh á mbainistiú ag 32 Coiste Gairmoideachais agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT). Mar thoradh ar an athrú seo, tá na seirbhísí AEGI anois á mbainistiú in 2014 ag na 16 BOOanna agus WIT.

Bhuail LNTO roinnt uaireanta le rannóg Breisoideachais agus Scileanna ROS chun eolas agus comhairle a thabhairt maidir le hábhair inní i leith sholáthar leanúnach sheirbhísí AEGI i ndiaidh chumasc na gCoistí Gairmoideachais isteach sna 16 BOOanna.

Bhuail Stiúrthóir LNTO le SOLAS agus thug eolas dóibh, chun soiléiriú a thabhairt maidir le ról na treorach agus na forbairtí atá de dhíth do threoir in earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna, sular foilsíodh Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna ROS 2014-2019.

Thionól Rannóg Breisoideachais ROS cruinnithe den Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta AEGI i Meitheamh, Deireadh Fómhair agus Nollaig na bliana. I measc na mball den ghrúpa Comhairleach seo tá: ROS, LNTO, ETBI, AEGAI agus AEOA. I ndiaidh bhunú SOLAS, tugadh cuireadh d'ionadaí SOLAS freastal ar an gcruinniú den ghrúpa Comhairleach i mí na Nollag.

Lean LNTO den mhonatóireacht ar sholáthar seirbhísí AEGI trí na tuairiscí Cáilíochta agus Cainníochta. Chuir LNTO na Tuairiscí Feidhmiúcháin i gcrích, a tugadh don ghrúpa Comhairleach agus a cuireadh ar fáil do na seirbhísí agus bainistíocht AEGI uile le híoslódáil tríd an Lámhleabhar AEGI gréasán-bhunaithe.

Cuireann LNTO monatóireacht agus tacaíocht ar fáil don Chóras Bainistíochta Treorach d'Aosaigh (AGMS), bunachar eolais cliaint agus bainistíochta na AEGIanna. Bunaithe ar eolas ó sheirbhísí AEGI agus riachtanais tuairiscithe ROS, ainmníonn LNTO athruithe agus forbairtí atá de dhíth in AGMS leis an soláthraí TF. Sa bhliain 2014 rinneadh athruithe chun tuarascálacha staidrimh a áireamh ar chláir oideachais laistigh de na hEarnálacha Tionsclaíochta éagsúla agus áis do nuashonrú leanúnach ar fhaisnéis poiblíochta ETB AEGI.

Chuir LNTO tacaíocht theicniúil ar fáil do sheirbhísí agus d'fhoireann AEGI agus bhí i gcaidreamh le bainistíocht BOO/WIT maidir leis na seirbhísí AEGI ar bhonn rialta.

Tá ball foirne amháin, sa ról mar Oifigeach Treorach, ag LNTO atá ag obair go sainiúil ar an gclár AEGI, ag tuairisciú don Stiúrthóir. Sa bhliain 2013, i ndiaidh aighneacht na bliana 2013 roimhe sin, d'iarr ROS ar LNTO iarratas a athsheoladh isteach le post mar Chomhordaitheoir Cláir Treorach (Breisoideachas agus Oiliúint) a leithdháileadh, ról ag leibhéal ag Phríomhoifigigh Cúnta, le

comhordú a dhéanamh ar chláir LNTO d'earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna, seirbhísí AEGI san áireamh.

Gníomhaíochtaí eile AEGI

Dréacht-Treoirlínte um sholáthar seirbhísí AEGI do dhaoine 16 go 18 bliana d'aois - Aibreán 2014

Mar thoradh ar Threoirlínte Oibriúcháin ROS um AEGI, a eisíodh i 2012, bhí ar sheirbhísí AEGI seirbhísí a sholáthar do dhaoine óga idir 16 – 18 bliana d'aois a d'fhág scoil go luath le cáilíochtaí foirmiúla ísle nó gan a leithéid ar chor ar bith. D'iarr Rannóg Breisoideachais agus Scileanna ROS ar LNTO tuilleadh treoirlínte a fhorbairt ar pholasaithe chun treoir a sholáthar don aoisghrúpa seo. Mar chuid den obair seo, thug Cumann Síceolaíoch na hÉireann, Cigireacht treorach ROS, IGC agus AEGAI aiseolas ar na príomhréimsí le plé sna dréacht-Treoirlínte.

I Márta 2014, d'fhoilsigh LNTO na treoirlínte deiridh AEGI *'Treoirlínte ar Sholáthar Seirbhísí Treorach Oideachais d'Aosaigh do chliaint 16 agus 17 mbliana d'aois'*

[LNTO Guidelines Provision of AEGS to 16 and 17 Year Olds.pdf](#)

Treoirlínte ROS maidir le foireann treorach ar conradh a chomhtháthú laistigh den AEGI

Tá na seirbhísí AEGI thíos go díreach le an moratóir an rialtais ar earcaíocht. Sa bhliain 2013 luaigh LNTO buarthaí le Rannóg Breisoideachais ROS maidir leis an easpa deimhniú cáilíochta agus fianaise dhoiciméadach d'fhoireann treorach a bhí ar conradh ag na Coistí Gairmoideachais ag an am chun treoir a thabhairt laistigh d'earnáil an aosoideachais agus AEGI. Ina dhiaidh sin d'iarr ROS go ndéanfadh LNTO athbhreithniú ar an suíomh. Thug LNTO cuireadh do AEOA agus AEGAI chuig grúpa oibre chun tús a chur le haghaidh a thabhairt ar an saincheist seo agus moltaí a dhéanamh chuig Rannóg Breisoideachais ROS ar an gcaoi le déileáil leis seo. Thacaigh LNTO le Rannóg Breisoideachais ROS chun treoirlínte cuí a dhréachtadh do Choistí Gairmoideachais/Boird Oideachais agus Oiliúna ina leith seo. D'eisigh ROS na treoirlínte seo *'Treoirlínte maidir le Foireann Treorach ar Conradh a Chomhtháthú Laistigh de Thionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach (AEGI)'* chuig na BOOanna uile agus WIT, agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin LNTO i mí na Nollag 2014.

http://www.ncge.ie/uploads/Guidelines_re_integrating_contracted_guidance_staff_201114.pdf

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Rinne LNTO comhordú ar an gelár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) d'fhoireann na seirbhísí AEGI go náisiúnta sa bhliain 2014 - 39 Comhordaitheoir Treorach Aosoideachais, 38 Treoirchomhairleoir Aosoideachais agus 40 Oifigeach Eolais Treorach.

Nuair is féidir, spreagann LNTO an fhoireann UILE le freastal ar an gelár FGL. Mar sin féin, fanann freastal ar an FGL faoi dhiscréid an BOO agus, toisc go bhfuil na seirbhísí AEGI anois laistigh de 16 BOO, uaireanta b'fhéidir go gcinnefar go háitiúil go mbeidh ball foirne amháin nó beirt mar ionadaithe ag an FGL chun an t-eolas a thabhairt ar ais do bhaill eile na foirne.

Eagraítear an clár FGL, agus léiríonn sé, ról shainiúla foirne *agus* an tSeirbhís ina hiomláine

An fhoireann uile:

Careersportal: 6 go réigiúnach: An Charraig Dhubh, Tamhlacht, Luimneach agus Baile Átha Luain: bhí 62 i láthair: úsáid Careersportal le daoine fásta

Bunacahr AGMS: 3 go réigiúnach: Tamhlacht, Luimneach agus Baile Átha Luain: Bhí 62 i láthair; Athruithe de réir forbairtí BOO

Oifigeach Eolais um Threoir d'Aosaigh: Baile Átha Cliath: Bhí 20 i láthair - lá a haon agus 20 i láthair - lá a dó.

Erasmus+, deiseanna gairmiúla d'fhoireann AEGI agus foghlaimoirí fásta.

Jolanta Burke, Síceolaí: féinchúram don Oifigeach Eolais

INOUE: Cur i Láthair ar Leas don Obair agus príomh-shaincheisteanna dóibh siúd atá dífhostaithe.

Comhairleoirí Treorach Aosoideachais (dhá lá go lárnach i mBaile Átha Cliath). Bhí 37 i láthair - lá a haon agus bhí 28 i láthair - lá a dó.

Breisoideachas agus Oiliúint: plé éascaithe ar shaincheisteanna d'fhorbairt treorach Breisoideachais agus Oiliúna

Jolanta Burke: Síceolaíocht dhearfach sa treoirchomhairleoireacht

Jasmina Behan, SOLAS agus Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí: cur i láthair maidir le Treochtaí sa Mhargadh Saothair.

Cuir i láthair foirne AEGI: Piarthacaíocht agus malartú faisnéise

Cruinniú d'Fhóram Comhordaitheoirí Treorach Aosoideachais: Baile Átha Cliath. Bhí 29 i láthair.

Plé éascaithe dírithe ar Phrótacail Tarchuir Náisiúnta Eatramhacha agus Riachtanais Oibríochta AEGI.

Mar chuid den chlár oibre a bhaineann leis an bPaca Acmhainn Eorpach ELGPN, d'eagraigh an Stiúrthóir cruinniú físchomhdhála ar líne le 4 sheirbhís AEGI atá páirteach maidir leis an gCreat Deimhniú Cáilíochta agus Fianaise (QAE).

Lámhleabhar Gréasán-Bhunaithe AEGI

Déanann LNTO an lámhleabhar ar líne do AEGI a bhainistiú agus a fhorbairt ar son ROS. I ndiaidh an phróisis a tosaíodh sa bhliain 2013 chun an t-ábhar agus an fhaisnéis a nuashonrú, chun tagairt a áireamh do SOLAS agus BOOanna, rinneadh an Lámhleabhar ar líne a leasú agus a athlainseáil i Meán Fómhair 2014. Agus é athainmnithe mar *Lámhleabhar Treorach d'Aosaigh* tugann sé seo rochtain phoiblí do chách. Tá clárú de dhíth do rochtain shlán ar ranna agus acmhainní ar leith atá dírithe ar ghairmeoirí treorach amháin. Is féidir é seo a rochtain go díreach nó tríd an leathanach baile ar shuíomh gréasáin LNTO. www.ncgeadultguidance.ie

4. Gníomhaíochtaí san Earnáil Bunoideachais agus Oideachais Neamhfhoirmiúil

Áiríonn *NCGE News* ailt maidir le ceisteanna treorach in earnáil neamhfhoirmiúil agus bunscoile.

Foilsíodh ailt i *NCGE News* a aibhsíonn cleachtadh treorach sa bhunoideachas ar fud AE.

Lean an tOifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance de thaighde a dhéanamh ar leibhéal na treorach foirmiúla sa chóras bunscoile i dtíortha eile an AE agus de shamplaí den dea-chleachtas, lena n-áirítear an clár *Aistear* i mbunscoileanna, a sholáthar i *NCGE News*.

Bhí an tOifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance i gcaidreamh leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar a dtogra mapála agus eolais um Sheirbhís Aosoideachais agus ghlac páirt sa ghrúpa comhairleach don tuarascáil taighde CNOS “*Study of the Access and Progression Experiences of Students with Special Educational Needs Moving from Compulsory Education to Further and Higher Education*”.

Lean LNTO de naisc a bhunú le Lárionaid Eolais Óige aonair tríd an bhFóram Náisiúnta um Threoir agus ailt sa ríomhíris *NCGE News*. (Féach Roinn H)

Bhunaigh an tOifigeach Treorach/Comhordaitheoir Euroguidance naisc fhoirmiúla le EURODESK atá bunaithe i Léargas agus tugadh cuireadh di láithrithe a sholáthar don líonra EURODESK trí na Lárionaid Eolais Óige.

5. Gníomhaíochtaí Ardoideachais

Mar thoradh ar an rath ar bhí ar an líne teileafóin treorach Springboard de chuid Oifig Rochtana Náisiúnta FSS sa bhliain 2012 agus 2013, thug FSS cuireadh do LNTO tacú leis an bpróiseas arís i 2014. Bhí LNTO páirteach le FSS san earcaíocht ar fhoireann a bhí cáilithe mar ba chúí don líne teileafóin Springboard.

Lean Stiúrthóir LNTO de chaidreamh le hionadaithe ó Chumann na Seirbhísí Gairme Ardoideachais (AHECS) maidir leis an bhFóram Náisiúnta um Threoir agus an Chomhdháil Náisiúnta.

Mar ghné de chlár EUROGUIDANCE LNTO, thug an Comhordaitheoir Euroguidance cuir i láthair chuig mic léinn iarchéime na treoirchomhairleoireachta sna hollscoileanna ar réimsí de pholasaí treorach agus gníomhaíochtaí EUROGUIDANCE.

Áiríonn *NCGE News* ailt ar chúrsaí treorach san ardoideachas agus aibhsíonn samplaí de chleachtadh nuálaíoch agus acmhainní.

Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC)

Rinne LNTO óstáil agus cathaoirleacht ar an gceithre chruinniú de choiste na Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht (DSGC) in 2014. Tá ionadaithe ar an gCoiste seo ó na cúig Ollscoil in Éirinn a chuireann clár oideachais agus oiliúna tosaigh don treoirchomhairleoireacht ar fáil. Áiríonn siad seo Stiúrthóirí na gclár in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is é sainordú an Choiste ná ceisteanna polasaí, sóisialta agus cleachtadh sa treoirchomhairleoireacht a scrúdú agus na himpleachtaí atá acu seo d'fhorbairt, do sholáthar, d'ábhar agus don athbhreithniú ar chlár oideachais agus oiliúna tosaigh sa treoirchomhairleoireacht.

Rinne LNTO cathaoirleacht freisin ar dhá chruinniú a bhí ag na Stiúrthóirí le IGC 2014.

Thug LNTO cuireadh do DSGC ionchur a sholáthar don chreat aitheantais chúrsa (CRF) de chuid ROS agus d'éascaigh plé ina leith seo. Rinne DSGC aighneacht chuig ROS maidir leis an CRF i mí Iúil, 2014. Chuir LNTO spás oibre ar líne ar fáil chun plé na Stiúrthóirí a éascú tríd an VLE.

Foghrúpa chun plé a dhéanamh ar fhorbairt an Chomhaontaithe PSI ar Thástáil Shíciméadrach

Bhuail LNTO agus DSGC le Cumann Síceolaíochta na hÉireann (PSI) chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le clár trialacha síceolaíochta a fhorbairt do threoirchomhairleoirí. D'aontaigh an páirtithe uile go n-áireodh an clár athfhorbartha treoirchomhairleoirí a fuair cáilíocht roimh 1999. Thionól LNTO foghrúpa i Meitheamh na bliana 2014 le hionadaithe ó ROS, DSGC, IGC, PSI agus LNTO chun athdhreachtadh an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn. Bhí trí chruinniú den bhfoghrúpa seo ann agus bhí ionadaithe ó AEGAI i láthair ag an tríú cruinniú freisin.

Is í aidhm an Chomhaontaithe leasaithe seo, atá le síniú ag na páirtithe uile in 2015, an dea-chleachtas a chothú sa tástáil shíciméadrach agus a chinntiú go mbeidh na treoirchomhairleoirí atá cláraithe ar an

gclár ina n-úsáideoirí trialacha cumasacha. Ina theannta sin tabharfadh aghaidh ar cheist na sábháilteachta poiblí toisc go bhfanfaidh an clár le heagraíocht atá bunaithe in Éirinn. Nuair a fhoilseofar an clár athforbartha spreagfar na treoirchomhairleoirí le clárú air.

Painéal Athbhreithnithe na Comhairle Múinteoireachta

D'iarr ROS ar an gComhairle Mhúinteoireachta painéal athbhreithnithe a thionól sa bhliain 2014, chun breithniú a dhéanamh ar aitheantas ROS don chlár do cháilíochtaí Treoirchomhairleoireachta in OÉ Má Nuad (Clár Treorach Scoile) agus Ollscoil Luimnigh. Thug an Chomhairle Mhúinteoireachta cuireadh do Stiúrthóir LNTO páirt a ghlacadh sa phainéal athbhreithnithe seo.

6. Gníomhaíochtaí in Earnáil Treorach na hEorpa

EUROGUIDANCE

D'fhreastal Oifigeach Treorach (Comhordaitheoir Euroguidance) LNTO ar chuaipteanna staidéir a tSualainn agus san Ostair agus rinne óstáil ar sheastáin taispeántais Euroguidance ag an bhFéile Gairmeach d'Iarchéimithe in Ollscoil Luimnigh, *Higher Options* agus Comhdháil IGC.

Baineann LNTO úsáid as an bpríomhsheomra cruinnithe sa Lárionad Euroguidance chun óstáil a dhéanamh ar chruinnithe, cuairteanna staidéir ón Liotuáin, ón Ostair agus ón tSlóivéin agus grúpaí fócais treoirchomhairleoirí.

Cuireann an Comhordaitheoir Euroguidance le gníomhaíochtaí Euroguidance trí eagarthóireacht ar nuachtlitir an líonra Euroguidance, rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí oibre an Líonra, freagairt do na fiosruithe Euroguidance uile agus rannpháirtíocht ghníomhach sa suíomh gréasáin Euroguidance in éineacht le comhpháirtithe líonra eile. Rinne an comhordaitheoir Euroguidance comhordú ar sholáthar seastáin treorach in ainm na hÉireann ag comhdhálacha Amiens sa Fhrainc.

Mar chuid de Straitéis Margaíochta Digití Euroguidance, bhunaigh an Comhordaitheoir Euroguidance Togra Píolótach Blagála, inar chuir mic léinn atá ag staidéar san Eoraip faoi láthair isteach nuashonruithe ar bhlag faoina dtaithí. Scaipeadh é seo trí NCGE News, *Higher Options*, suíomh gréasáin Euroguidance www.euroguidance.ie, cruinniú Líonra Euroguidance agus ag cuir i láthair do mhic léinn ar fud an náisiúin. Thug an Comhordaitheoir Euroguidance cuireadh do na mic léinn a bhí páirteach leanúint den bhlag ar fhilleadh dóibh óna gclár Erasmus go dtí deireadh na bliana 2014.

<http://www.euroguidance.ie/news/euroguidance-blog-project#sthash.k8JyxyGb.dpbs>

Lean Lárionad Euroguidance d'eolas a sholáthar do chliaint tríd an leathanach Facebook <https://www.facebook.com/EuroguidanceIreland>

Rinne an Comhordaitheoir Euroguidance comhoibriú leis an Lárionad Náisiúnta Europass sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (QQI) agus Lárionad Euroguidance sa Ríocht Aontaithe chun an chéad léiriú comhacmhainne a fhorbairt de scannán '*Showcase your skills with the Europass CV*'

<https://www.youtube.com/watch?v=LS71ceOh7jk&feature=youtu.be>

Grúpa Tagartha na hÉireann do Thionscnaimh AE in Oideachas agus Scileanna

D'oibrigh an Comhordaitheoir Euroguidance i gcomhar le Stiúrthóir LNTO, QQI/Europass agus Léargas chun Grúpa Tagartha na hÉireann a fhorbairt agus a bhunú i dtaca le Tionscnaimh AE san Oideachas agus Scileanna. Bhí dhá chruinniú ann i gClogtheach ROS chun deis a thabhairt le réimse de thionscnaimh, grúpaí oibre agus tionscadail AE in earnáil an oideachais agus na hoiliúna a chur i láthair i gcomhthéacs leathan polasaí.

<http://www.europass.ie/europass/IrishReferenceGroupforEUInitiativesinEducationandSkills.html>

Ploteus

Tá Euroguidance Ireland ina bhall de ghrúpa comhordaithe PLOTEUS EQF an Choimisiúin Eorpaigh le tamall de bhlianta anuas. Sa bhliain 2011, chuir LNTO tionscadal píolótach i gcrích go rathúil le Qualifax (NQAI) chun an soláthar foinsé sonraí náisiúnta a fhorbairt do shuíomh PLOTEUS an Choimisiúin Eorpaigh. <http://ec.europa.eu/ploteus/>

Agus iarratas rathúil déanta agus maoiniú leithdháilte ón gCoimisiún Eorpach, sheol LNTO próiseas tairisceán in 2014 do *'Development of Cloud-based solution for interconnection of national data sources to PLOTEUS II'*. Mar thoradh ar an bpróiseas tairisceana, ag teacht le treoirlínte um sholáthar poiblí, aontaíodh conradh le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chun an córas a fhorbairt.

Rinne LNTO/Euroguidance Ireland óstáil dhá chuairt staidéir ón Ostair agus ón tSlóivéin go sonrach chun pleananna na hÉireann do na forbairtí PLOTEUS a phlé.

Scoileanna Eorpacha

Ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna, tacaíonn LNTO agus déanann comhordú ar an tseirbhís treorach do na Scoileanna Eorpacha (www.eursec.org). Áiríonn an soláthar treorach bealaí éagsúla de sholáthar na treorach, treoir ghrúpa agus aonair do scoláirí, oícheanta eolais do thuismitheoirí agus seirbhís teileafóin agus ar líne ina measc.

Bainistíonn an Comhordaitheoir Euroguidance soláthar na seirbhíse chuig scoláirí Éireannach gach bliain trí sholáthar díreach agus seirbhís treorach ar líne Skype. Tá beirt treoirchomhairleoirí ar conradh le cuairt a thabhairt agus le hobair le Scoileanna Eorpacha ábhartha sa Bhruiséil agus i Lucsamburg. Cuireadh soláthar treorach chuig scoileanna níos lú ar fáil trí Skype (i.e. glaoch físe ar líne o Éirinn) chun a chinntiú go mbeidh an deis ag scoláirí Éireannacha teacht ar sheisiúin treorach ó threoirchomhairleoirí Éireannacha. Rinneadh an tseirbhís Skype seo a thairiscint do, agus a chomhordú in éineacht le, Scoileanna Eorpacha i Frankfurt, Mol, Varese, Alicante, Bergen, Culham, Karlsruhe agus Munich.

ACADEMIA

Déanann LNTO comhordú ar Academia (Malartú Eorpach na dTreoirchomhairleoirí) in Éirinn, atá maoinithe ag an gClár Foghlama an Feadh an tSaoil, mar chuid den ghníomh Leonardo da Vinci (VET Pro Mobility).

Mar chuid den chlár Academia 2013/2014, rinne LNTO comhordú ar 11 treoirchomhairleoir Éireannach le páirt a ghlacadh i gcuairteanna malartaithe ar an Danmhairg, an Spáinn, an Fhionlainn, Lucsamburg, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin.

D'eagraigh LNTO an óstáil, i gCorcaigh i gcomhar le BOO Chorcaí, do 11 Treoirchomhairleoirí Eorpacha mar chuid den mhalartú Academia ón Spáinn, an tSualainn, an Fhionlainn, an Eastóin agus an Fhrainc, Chuimsigh an chuairt staidéir cuairteanna láithreáin ar chláir aosoideachais agus treorach ar fud Chorcaí in Eochail, Baile na mBocht, an Coláiste Muirí i Rinn an Scidígh agus cuir i láthair agus cruinnithe grúpa i mBOO Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

D'fhreastal Stiúrthóir LNTO ar chruinniú na gComhordaitheoirí Academia i Leeds, sa Ríocht Aontaithe, chun gníomhaíochtaí féideartha don líonra Academia sa todhchaí a phlé.

Comhdhálacha AE

Comhdháil Líonra NICE i Canterbury, 3-4 Meán Fómhair 2014

D'fhreastal an Comhordaitheoir Cláir Treorach ar Chomhdháil Líonra NICE i Canterbury le hionadaithe ó IGC, DSGC agus ROS. Ba í aidhm na comhdhála seo aiseolas a chur i láthair agus a bhailiú i dtaca leis na dréacht-threoirlínte NICE maidir le caighdeáin inniúlachta do threoirchomhairleoireacht.

Thug CEDEFOP cuireadh do Stiúrthóir LNTO labhairt ag an gceardlann treorach ag an gComhdháil *'Stepping up the pace: the next stage of European tools for transparency, recognition and quality for learning and work'* a bhí ann ag oifigí Cedefop i Thessaloniki sa Ghréig an 27 agus 28 Samhain 2014.

Líonra Eorpach um Bheartas Treorach ar Feadh an tSaoil (ELGPN)

Cheap ROS LNTO mar ionadaí ainmnithe na hÉireann do ELGPN don tréimhse 2013-2014. Ó tharla go raibh Uachtaránacht ar Chomhairle an AE ag Éirinn i 2013, rinneadh baill de ghrúpa stiúrtha ELGPN 2013-2014 d'Éirinn, ag obair go dlúth leis an aonad comhordaithe ELGPN san Fhionlainn. Lean Éire mar bhall de Ghrúpa Stiúrtha ELGPN do 2014 agus mar phríomhthír don ghrúpa oibre um athbhreithniú polasaí ar *Dheimhniú Cáilíochta agus Cleachtas Fianaise-Bhunaithe*. Is eard a bhí i gceist ná bheith mar chathaoirleach agus mar cheannaire ar na 14 tír ina mbaill sa ghrúpa seo ar phlé agus malartú eolais, in éineacht leis an saineolaí ELGPN Dr Deirdre Hughes (Ríocht Aontaithe). Lean LNTO freisin de rannpháirtíocht ghníomhach sa ghrúpa athbhreithnithe um pholasaí i dtaca le Scileanna Bainistíochta Gairme (CMS) d'fhonn tacaíocht agus treoir a thabhairt d'fhorbairtí sa treoir náisiúnta.

Tionóladh cruinnithe ELGPN sa Ghréig agus san Iodáil in 2014. D'fhreastal ionadaithe ainmnithe ag LNTO ar an dá chruinniú agus d'fhreastal Cathaoirleach LNTO, Paul King ar chruinniú ELGPN sa Róimh i nDeireadh Fómhair. Rinne an t-Aonad Comhordaithe san Fhionlainn comhordú ar chruinnithe eile den Ghrúpa Stiúrtha ar líne.

D'fhreastal ionadaithe LNTO/na hÉireann ar chomhdháil a d'eagraigh Uachtaránacht AE na hIodáile: *5th European Conference on Lifelong Guidance Policies*

<http://www.ncge.ie/europe/european-lifelong-guidance-policy-network>

Cruinnithe maidir le ELGPN

Tugadh cuireadh do Stiúrthóir LNTO cur i láthair a dhéanamh agus páirt a ghlacadh mar mhodhnóir ag Ócáid Nasctha ionadaithe ELGPN ón Eastóin, Éire, an Laitvia agus an Liotuáin, i dtaca le Deimhniú Cáilíochta agus bonn fianaise i Riga, an Laitvia i mí na Samhna 2014.

Fóram Náisiúnta um Threoir

Rinne LNTO comhordú agus óstáil ar dhá chruinniú den bhFóram Náisiúnta um Threoir in 2014 an 30 Aibreán agus an 13 Samhain. Bheadh sé mar aidhm ag an bhFóram Náisiúnta um Threoir (2013-2014) leanúint d'fhóram a sholáthar do phlé, do mhalartú eolais agus d'fhiosrú féidearthachtaí don chomhoibriú agus don chomhordú. Ag na cruinnithe seo, tugadh an deis do rannpháirtithe ionchur a phlé agus a sholáthar do dhréacht-cháipéisí ELGPN do QAE agus Treoirlínte. Tugadh an deis do rannpháirtithe freisin bualadh le comhairleoir seachtrach mar threoir do Phlean Straitéiseach LNTO do 2015- 2017.

<http://www.ncge.ie/about-us/national-forum-on-guidance-3rd-meeting-of-2013-2014>

<http://www.ncge.ie/news-article/4th-meeting-of-the-national-forum-on-guidance>

7. GINEARÁLTA

Foilseacháin, Acmhainní agus Ábhair

Tugann *Suíomh Gréasáin LNTO* www.ncge.ie eolas do chliant agus do pháirtithe leasmhara ar ról agus gníomhaíochtaí LNTO, le rochtain ar an Lámhleabhar Scoile um Threoir, an lámhleabhar um Threoir d'Aosaigh agus ranna amhail “*conas bheith i do threoirchomhairleoir*”, cáipéisí polasaí agus taighde, agus polasaithe teorach agus soláthar in earnálacha an oideachais. Ar an leathanach baile tá sraith d'íomhánna a aibhsíonn eolas faoi “nithe nua”. Toisc go raibh an tOifigeach Eolais as láthair ar shos gairme ceadaithe sa bhliain 2014, cheannaigh LNTO seirbhísí ar conradh ó chomhairleoir seachtrach Seirbhísí Faisnéise d'fhonn a chinntiú go raibh monatóireacht, riarachán agus nuashonrú ar an suíomh.

Taispeánann tuairiscí inmheánacha LNTO na bliana 2014 (trí “Google Analytics”) go raibh 13,179 cuairteoir ar an suíomh gréasáin LNTO, agus 50,357 “amharc leathanaigh. Cuairteoirí nua ar an suíomh ab ea 75.4% díobh seo (67%), agus cuairteoirí ag filleadh athuair ab ea 24.6% díobh.

Cothaítear suíomh gréasáin Láionad Euroguidance Éireann LNTO mar mhicreashuíomh de phríomhshuíomh gréasáin LNTO www.euroguidance.ie

Is éard is *NCGE News* (ISSN 2009-6941) ann ná nuachtlitir/iris idirghníomhach ar líne LNTO a fhoilsíonn ailt agus léirmheasanna ar sholáthar na teorach thar earnáil an oideachais. Foilsíonn LNTO an ríomhíris *NCGE News* dhá uair in aghaidh na bliana. *LNTO news* (*Baile Átha Cliath. Ar líne*)

I ngach eagrán de *NCGE News* aibhsítear samplaí de pholasaí agus cleachtas teorach, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, chun eolas a thabhairt do sholáthraithe teorach in earnálacha na n-iarbhunscoileanna, an ardoideachais, na teorach d'aosaigh agus neamhfhoirmiúla. Ag díriú ar théamar ar leith do gach eagrán, áiríonn ríomhíris *LNTO News* ailt ar an dea-chleachtas ónár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta chomh maith le nuashonruithe maidir le gníomhaíochtaí an Lárionaid Euroguidance, ELGPN agus an Fóram Náisiúnta um Threoir, léirmheasanna ar shuíomhanna gréasáin, aipeanna d'fhóin chliste agus leabhair ábhartha.

Sa bhliain 2014 d'áirigh an téamaí sin:

Eagrán an tSamhraidh: *Spotsholas ar ríomhthreoir*

<http://twelvehorses.ie/ncge/news/summer-2014.html>

Eagrán an Gheimhridh: *Líonraí a thógáil – cleachtadh comhoibríoch*

<http://twelvehorses.ie/ncge/news/winter-2014.html>

Toisc go mbaineann eagarthóireacht agus foilsiú LNTO News le ról an Oifigh Eolais, ar shos gairme sa bhliain, fuair LNTO seirbhísí ar conradh ó chomhairleoir seachtrach Seirbhísí Eolais chun an próiseas seo a chomhordú.

Léiríonn staidreamh inmheánacha LNTO atá ar fáil (trí “Google Analytics”) gurb é an ráta “Oscailtí”, i.e. líon na ríomhírisí LNTO News ar a rinneadh rochtain ar líne ná: Eagrán an tSamhraidh: 1640 oscailt agus eagrán an Gheimhridh: 1753 oscailt.

Soláthar Faisnéise agus Comhdhálacha

Bíonn seastáin ag LNTO gach bliain ag comhdhálacha Institiúid na dTreoirchomhairleoirí i mí an Mhárta, agus *Higher Options* i Meán Fómhair. Cuireann sé seo rochtain dhíreach ar LNTO ar fáil do threoirchomhairleoirí agus do chliant eile an Lárionaid.

Forbairtí TFC in LNTO

Baineann LNTO úsáid as an Timpeallacht Foghlama Fíorúla (VLE) chun tacú le hobair na gcoistí atá tugtha le chéile ag LNTO, amhail Painéal Eagarthóireachta an Lámhleabhair Scoile um Threoir, Stiúrthóirí Staidéar na Treoirchomhairleoireachta agus cláir ábhartha eile. Tá rochtain ar an VLE trí <http://vle.ncge.ie>.

Lean LNTO de cheistneoirí Survey Monkey™ a úsáid d'aiseolas agus measúnú ar líne agus measúnú ar cheardlanna FGL agus gníomhaíochtaí AEGI.

Lean LNTO d'úsáid a bhaint as cainéal Vimeo LNTO chun óstáil a dhéanamh ar acmhainní físeánbhunaithe ar shuíomh gréasáin LNTO.

Áiseanna físchomhdhála trí Adobe Connect - cheannaigh LNTO ceadúnas do Adobe Connect d'fhonn cruinnithe sioncrónacha ar líne agus FGL a éascú. Rinne LNTO roinnt cruinnithe a óstáil trí Adobe Connect agus forbraíodh acmhainní chun tacú le foireann LNTO agus úsáideoirí seachtracha an tArdán a úsáid.

Gníomhaíochtaí Ginearálta

I rith na bliana 2014, lean LNTO de dhoiciméid eolais agus faisnéise a sholáthar maidir le treoirchomhairleoireacht agus saincheistanna a bhaineann le treoir d'earnáil an oideachais agus an bhreisoideachais agus oiliúna chuig oifig an Aire agus rannóga éagsúla de chuid na Roinne.

Straitéis ROS maidir le foghlaim dhigiteach do scoileanna

Sa bhliain 2014, rinne LNTO aighneacht le linn phróiseas comhairliúcháin ROS maidir le Straitéis Dhiigiteach do scoileanna.

8. Tuarascáil Airgeadais

Maoiniú LNTO

Tagann bunmhaoiniú don Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann an tAonad um Pholasáí Curaclaim agus Measúnaithe (CAP) maoiniú do bhunchláir LNTO; ón 1 Eanáir 2014, tugann SOLAS an deontas do LNTO chun an clár AEGI agus Breisoideachas agus Oilíúint a mhaoiniú laistigh de LNTO; tugann Rannóg Idirnáisiúnta ROS maoiniú do chlár na Scoileanna Eorpacha; tacaíonn maoiniú an AE tríd an gclár Erasmus+ (an clár Foghlama ar Feadh an tSaoil mar a bhí) leis an Lárionad Euroguidance, ELGPN, agus clár Academia laistigh de LNTO.

Lean LNTO de chomhlíonadh a dheabhrú le tuarascálacha éagsúla a chur i gcrích do ROS agus ranna rialtais eile maidir le nithe amhail airgeadas, comhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh, soláthar agus ceisteanna parlaiminte srl.

Cuntais Achoimre LNTO 2014

Áiríonn an caiteachas mar atá sonraithe anseo thíos comhordú agus seachadadh na gclár thar speictream na treorach san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, tuarastail na foirne agus forchostais an Lárionaid.

Cuirtear tuarascálacha mionsonraithe airgeadais ar fáil in aghaidh na ráithe agus in aghaidh na bliana trí thuairiscí Ioncaim agus Caiteachais chuig ROS, Bord Léargas agus tuairiscí bliantúla airgeadais chuig an gCoimisiún Eorpach do chlár atá maoinithe ag AE.

Sa bhliain 2014, d'aontaigh LNTO formáid nua do thuarascálacha airgeadais dá leithéid chuig ROS.

Cuntais Achoimre LNTO mar a luaitear i gcuntais iniúchta Léargas 2014

Foinse Maoinithe Source	Ioncam	Caiteachas
Aonad CAP de chuid ROS	506,000	433,372
SOLAS	188,420	188,420
Iomlán Eile: (á áiríonn: NRC – EUROGUIDANCE, Academia, Scoileanna Eorpacha, ELGPN)	86,554	159,182
IOMLÁN	780,974	780,974

FOIREANN LNTO IN 2014

Jennifer McKenzie	Stiúrthóir
Linda Darbey	Comhordaitheoir Cláir Treorach
Hilary Lynch	Oifigeach Treorach (Comhordaitheoir EUROGUIDANCE)
Ursula Kearney	Oifigeach Treorach
James Hogan	Riarthóir Oifige
Shivaun Gallagher	Oifigeach Eolais

Coiste um Bhainistiú Treorach Iúil 2013 – 2016

Paul King	
Breda Naughton	Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)
Jim Mullin	Léargas
Fidelma Collins	Léargas
John Wynne	Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI)
Gerry Flynn	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC)
Ursula Finnegan	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD)
Colum Layton	Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (go dtí Lúnasa 2014)
Peter Brown	An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO)
Shira Mehlman	SOLAS

Elaine Quinn	An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)
Jennifer McKenzie	Stiúrthóir LNTO (ex-officio)

Baill an Choiste um Bhainistiú Treorach 2013-2016

Ó Chlé go Deas – Líne ar Chúl: Paul King; John Wynne; Colum Layton; Jennifer McKenzie

Líne Tosaigh: Breda Naughton; Shira Mehlman; Gerry Flynn; Ursula Finnegan; Elaine Quinn



Gluais

ACCS	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
AEGAI	Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann
AEGI	Tionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach
AEOA	Cumann na nOifigeach Aosoideachais
AGMS	Córas Bainistíochta um Threoir d'Aosaigh
CFE	Coláiste Breisoideachais
CIC	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
CNES	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
DEIS	Comhionannas Dheiseanna a Sheachadadh i Scoileanna
DSGC	Stiúrthóirí Staidéar sa Treoirchomhairleoireacht
DSP	An Roinn Coimirce Sóisialaí
ELGPN	Líonra Polasaí Eorpach um Threoir ar Feadh an tSaoil
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
FÁS	Údarás Oiliúna agus Fostaíochta
IAEVG	Cumann Idirnáisiúnta do Threoir Oideachais agus Gairme
IGC	Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
ILSA	Gníomhaireacht Tacaíochta Foghlama na hÉireann
IVEA	Gníomhaireacht Gairmoideachais na hÉireann
JMB	Bord Bainistíochta Comhphárteach
LCAGP	Comhpháirtíocht Chathair Luimnigh um Threoir d'Aosaigh
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha

PSI	Cumann Síceolaíochta na hÉireann
QCAP	Cáilíochtaí, Curaclam, Measúnú
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
ÚAO	An tÚdarás um Ard-Oideachas
VEC	Coiste Gairmoideachais
VLE	Timpeallacht Foghlama Fhíorúil
WSGP	Pleanáil Treorach Scoile Uile

AGUISÍN A

PLEAN STRAITÉISEACH LNT0 2012-2014

Príomhchuspóirí

MISEAN

Forbairt agus tacaíocht do soláthar treorach den scoth in earnáil an oideachais mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil ag teacht leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta

FÍS

Cleachtadh na treorach a mhaoirsiú agus a mhúnlú chun cur ar chumas an fhoghlaiméora roghanna saoil oilte agus iomchuí a dhéanamh

Sainmhíniú ar Threoir

“Cuidíonn treoir le daoine, ar feadh a saol, a gcuid roghanna oideachais, oiliúna, gairme, pearsanta, sóisialta agus saoil a bhainistiú sa chaoi is go mbaineann siad a gcumas féin amach agus go gcuireann siad le forbairt na sochaí níos fearr” (Tuairisc an Fhórait Náisiúnta um Threoir 2007)

Baineann treoir sna scoileanna le sraith d’imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socruithe éifeachtacha faoina saol. Cuimsíonn sé trí réimse atá nasctha lena chéile; forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus treoir ghairme. (Ich. 4 Treoirlínte na Roinne, 2005)

IS IAD AIDHMEANNA LNT0:

Feidhmiú an dea-chleachtais a chothú sa treoirchomhairleoireacht i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna aosoideachais faoi réir riachtanas an Achta Oideachais 1998

Cur le feidhmiú an dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna oideachais faoi réir riachtanas an Achta Oideachais 1998

Cur le feidhmiú an dea-chleachtais sa treoirchomhairleoireacht i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon faoi réir tosaíochtaí náisiúnta

Comhairle a thabhairt faoi pholasaí agus straitéisí chun contanam na treorach a chothú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil

Comhairle, tacaíocht, ábhair agus acmhainní a sholáthar don treoirchomhairleoireacht san oideachas

Comhairle a thabhairt faoi oideachas agus oiliúint tosaigh sa treoirchomhairleoireacht atá ar ardchaighdeán agus ábhartha, agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthar do chleachtóirí treorach

Soláthar na treorach a eagrú do náisiúnaigh na hÉireann sna Scoileanna Eorpacha

Cur le malartú an eolais ar sholáthar agus ar chleachtadh na treoirchomhairleoireachta le seirbhísí treorach agus fostaíochta eile, tríd an Lárionad Náisiúnta Acmhainne, (Lárionad EUROGUIDANCE) in Éirinn agus i mBallstáit eile AE.

Agus a chuid aidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tá LNTO, mar chomhchuid de Léargas, tiomanta d'obair i gcomhair agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, Stiúrthóirí Stáidéar, Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC), Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann (AEGAI), an tUdarás um Ard-Oideachais (ÚAO), FÁS, Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (NAPD), An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Fostóirí mar is cuí.

IS IAD CUSPÓIRÍ LNTO:

Forbairt agus cur le polasaí ROS. Caighdeáin agus an dea-chleachtas sa Treoir i gcomhair le príomhpháirtithe leasmhara.

Feabhas a chur ar phróifíl LNTO mar sheirbhís tacaíochta don treoir san oideachas

Cur chuige comhtháite a chothú i dtaca leis an treoir sna struchtúir agus forbairtí atá ag teacht chun cinn in earnáil an bhreiseoideachais agus na hoiliúna

Forbairt ghairmiúil do chleachtóirí treorach a chothú, a chomhordú agus/nó a sholáthar

Forbairt agus cuidiú le polasaí, caighdeáin agus dea-chleachtas ROS sa treoir i gcomhar leis na príomhpháirtithe

Láidriú ar an gcumas eagraíochta chun cur ar chumas LNTO feidhmiú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus inbhuanaithe

Cuidiú le forbairtí Eorpacha sa Treoir.